# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

03 Meán Fomhair 2020

### BEOCHT NA BEATHA

Tá **Beocht na Beatha,** áis teagaisc den scoth do mhúinteoirí corpoideachais ar fáil anois. Ceathrar saineolaithe ar an gcorpoideachas a chruthaigh é faoi choimirce COGG. Ag luí leis an gclár nua don tSraith Sóisearach, aithnítear bealaí measúnaithe agus foghlama ó thaobh corp oideachais agus foghlaim na folláine de. Beidh na scoláirí iad féin in ann taifead a choinneáil ar a gcuid gnóthachtálacha, leis an leabhar saothair cuimsitheach atá ann. Tugtar moltaí agus treoracha i leith féinmheasúnú, piarmheasúnú agus measúnú mar ghrúpa. Is féidir an leabhar a ordú ach ríomhphost a sheoladh chuig info@ folens.ie nó glaoch orthu ar 01 413 7200. Maith sibh a chairde!




### ROS NA RÚN: COMÓRADH 25

Craolfar míreanna ar leith de **Ros na Rún** mar cheiliúradh ar an gclár a bheith cúig bliana is fiche ar an bhfód. Beidh na míreanna seo dírithe ar charachtair ar leith a bhain cáil shuntasach amach ón naomh go dtí an scaibhtéara agus gach a bhfuil eatarthu! Cuirfear tús leis na cláir ar an Mháirt 8 Mean Fómhair ar TG4.

### MAITH THÚ RÍONA NÍ GHRIALLAIS

Tá an Dr. Ríona Ní Ghrillais, innealtóir bithcheimice as Indreabhán comhbhunaitheoir an chomhlachta feistí leighis, **ProVerum**, i measc an 24 fiontraí atá ainmnithe don ghradam náisiúnta ***EY Entrepreneur of the Year***. Fógrófar an mhórdhuais i mí na Samhna. Roghnaíodh í féin agus a comhbhádóir, an Dr. Conor Harkin don chraobh fiontraíochta mar gheall ar fheiste leighis a d'fhorbair **ProVerum**, an comhlacht atá acu. Cruthaíodh an táirge le faoiseamh a thabhairt d'fhir a mbíonn fadhbanna acu lena gcuid uisce de bharr BPH nó *Benign Prostatic Hyperlasia*. Tá triail chliniciúil á reáchtáil faoi láthair agus ag braith ar thorthaí na trialach, beidh an feiste leighis seo thar a bheith fiúntach ó thaobh réiteach an tinnis seo de. Ádh mór ar Ríona agus ar Chonor sa chomórtas!

### AR AIS AR SCOIL!

Comhghairdeachas ó chroí le chuile dhuine a d'fhill ar an scoil an tseachtain seo - tuismitheoirí, gasúir agus múinteoirí! Níl aon aimhreas ach gur taithí as an nua a bhí ann i mbliana ach, is cosúil go ndearna muintir Chois Fharraige sár-iarracht dul i ngleic le dúshlán na paindéime. Bhain Scoil Sailearna cáil náisiúnta amach agus bhí neart míreanna faoin scoil ar na meáin chraolta, físe agus scríofa nuair a tuairiscíodh an scéal neamhchoitianta gur thosaigh cheithre fhoireann cúpla sna Naíonáin Bheaga! Ádh mór a chairde!

### RANGANNA SNA HEALAÍONA DÚCHASACHA

Ní fada anois go gcuirfear tús le ranganna an tséasúir seo sna healaíona dúchasacha faoin scéim **Cuisle.** Tá painéal ealaíontóirí ag obair i gcomhar le h**Ealaín na Gaeltachta** le ranganna sa gceol traidisiúnta, sna healaín béil, sa damhsa agus san amhránaíocht sean-nóis a chur chun cinn i rith agus i ndiaidh am scoile. Féadann scoileanna teagmháil a dhéanamh le hEalaín na Gaeltachta le páirt a ghlacadh sa gclár le ranganna sna healaíona dúchasacha a reáchtáil don scoil bhliain 2020-2021. Moltar do ghrúpaí, coistí nó eagraíochtaí pobail ar mian leo ranganna iarscoile a bhunú faoin scéim teagmháil a dhéanamh le h**Ealaín na Gaeltachta** chomh maith. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar líne ag www.ealain.ie/ en/ranganna. Is féidir glaoch a chur ar: 091 503 100, nó teachtaireacht a sheoladh chuig ealain@udaras.ie

### SCÉIM TEANGA TÍ LE CLG

Tá scéim ar bun ag **Teanga Tí**, i gcomhar le clubanna CLG ar fud na tíre le go mbeidh an eagraíocht in ann freastal ar theaghlaigh Ghaeilge ar bhealaí níos éifeachtaí. Le páirt a ghlacadh sa scéim, is féidir le hOifigeach na Gaeilge, sa gcumann CLG iarratas a dhéanamh ar an scéim ar son na dteaghlach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.teangati.ie

## FÍSEÁIN NUA AR CÚLA4

D'fhoilsigh **Cúla4** físeán álainn le Sheona Ní Mháille le gairid, dírithe ar chúrsaí ceoil, buillí agus rithim go háirid. Is cuid de shraith nua é an físeán, le míreanna eile dírithe ar fhónaic, agus ar an nádúr. Is féidir an tsraith iomlán a fheiceáil ar líne, ag: www.cula4.com




## NEIGHBOURFOOD NA TULAÍ

Tá ***Neighbourfood*** faoi lán tseoil sna Tulaí agus ag éirí go hiontach leis. Cuireann sé deis ar fáil do mhuintir na háite táirgí áitiúla ar ard-chaighdeán a cheannach go héasca. Ordaítear na táirgí atá ag teastáil, ar líne agus bailítear na táirgí ag am socraithe ag an bPota Café sa Tulach. Le leas a bhaint as an tseirbhís, is féidir clárú ar líne ag: www.neighbourfood.ie nó is féidir níos mó eolais a fháil ar líne ar an leathanach Facebook: **Neighbourfood - An Tulach**.

## SLÁN LEIS AN MBUNSCOIL

Comhghairdeachas le Tuismitheoirí na Gaeltachta agus le chuile ghasúr Rang a 6 a fhoilsigh an leabhar álainn **Slán leis an mBunscoil**, le deireanaí. Is bailiúchán de scéalta, dánta agus sleachta scríbhneoireachta atá ann. Tá an saothar bunaithe ar laethanta na bunscoile, le béim ar leith ar an gcuí aisteach a chur daltaí Rang a 6 críoch le haistear na bunscoile i mbliana. Maith sibh a chairde!




Tuismitheoirí na Gaeltachta

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

### - TORTHAÍ NA BHFEAR-

| Dé Sathairn 29/08 (Iom) F12 G4 | |
|---|---|
| Cois Fharraige | 0-00 |
| Cillín a Díoma | 8-12 |

| Domhnach 30/8 F12 Craobh (Iom) | |
|---|---|
| CLG Bearna (B) | 3-06 |
| Baile Chláir | 5-05 |

| De hAoine 28/8 Craobh (Peil) G2 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 1-11 |
| Eanach Dhúin | 1-15 |

| Domhnach 30/8 Craobh A (Iom) | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 3-09 |
| Uachtar Ard | 3-09 |

| Dé Sathairn 29/8 F12 Craobh (Iom) | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach (B) | 5-09 |
| Órán Mór (D) | 0-04 |

| Domhnach 30/08 G1 (Peil) Sin. | |
|---|---|
| An Spidéal | 1-12 |
| Bóthar na Trá/Cnoc C. | 0-06 |

### - TORTHAÍ NA MBAN -

| Domhnach 30/08 F14 B2 | |
|---|---|
| An Spidéal | 1-08 |
| Muine Mheá | 2-08 |

| Domhnach 30/08 F12 B4 | |
|---|---|
| An Spidéal | 4-10 |
| Naomh Mhuire | 4-11 |

| Domhnach 30/08 F14 B2 | |
|---|---|
| Bearna | 4-09 |
| Cluain Bheirn | 7-08 |

| Dé Máirt 01/09 F16 B3 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 3-15 |
| Bóthar na Trá/Cnoc C. | 4-18 |

| Domhnach 30/08 F14 B3 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 8-16 |
| Carna | 2-04 |

| Dé Máirt 01/09 F16 B2 | |
|---|---|
| Bearna | 5-09 |
| Cill Aithnín | 1-03 |

## DÚSHLÁN ROTHAÍOCHTA NA GAELTACHTA

Beidh dúshlán rothaíochta na Gaeltachta á reáchtáil go luath. An-deis é seo le 10-100K rothaíochta a dhéanamh, leat féin nó leis an gclann, le linn deireadh seachtaine 26/27 Meán Fómhair. Má tá suim agat ann, is féidir clárú ar líne ag: https://forms.gle/EW4wbdtc9NUCrr3F9 nó ar an suíomh gréasáin: www.gaeltacht.cc Beir bua!

